

Díol É: Réamhobair

A Pléigh na ceistanna thíos le do pháirtí ranga.

- An bhfaigheann tú airgead póca ar bhonn rialta?
- An bhfuil post agat le hairgead póca a shaothrú?
- Ar bhailigh tú airgead d'eagraíocht charthanach riamh?

B Meaitseáil an focal leis an mbrí atá leis.

obair dheireadh seachtaine		<i>an online auction</i>
ceant ar líne		<i>to collect money</i>
siopa athláimhe	→	<i>weekend work</i>
uaschúrsáil		<i>upcycling</i>
earraí		<i>extra pocket money</i>
airgead póca breise		<i>second-hand shop</i>
airgead a bhailiú		<i>products</i>

C Líon na bearnaí.

1. Déanaim jabanna beaga sa bhaile chun _____ a shaothrú.
2. Is féidir _____ a dhéanamh ar sheanrudaí le cuma níos deise a chur orthu.
3. Tá _____ agam i siopa éadaigh i lár na cathrach.
4. Fuair mé cuid de na héadaí is fearr liom i _____ - is breá liom margadh a fháil!
5. Is _____ é eBay.
6. Tá rogha leathan _____ ar díol sna hollmhargaí ach is fearr liomsa dul go dtí an siopa áitiúil.
7. San Idirbhliain, bhí ar mo rang _____ le haghaidh halla nua sa scoil agus fuair muid os cionn €5,000 sa deireadh!


A Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.
1. Cén tslí bheatha atá ag Aoife agus ag Anna? [Roghanna thíos]

Anna: _____

Aoife: _____

Garda, oibrí oifige, léiritheoir teilifíse, cúramaí baile, dlíodóir, cuntasóir, múinteoir scoile

2. Cén phríomhchúis a bhí ag na mná lena gcuid earraí a dhíol?

- Chun níos mó spáis a chruthú
- Chun cúpla punt a shaothrú
- Mar go mbeidh siad ag bogadh thar lear go luath

3. Tá bheirt mhac ag Aoife agus iníon amháin ag Anna. Cén aois iad?

- Tá Cúnán seacht mbliana d'aois, tá Caoilte ceithre bliana d'aois agus tá Leela sé mhí dhéag.
- Tá Cúnán sé bliana d'aois, tá Caoilte trí bliana d'aois agus tá Leela díreach bliain amháin d'aois.
- Is cúpla iad Cúnán agus Caoilte agus tá siad seacht mbliana d'aois, agus tá Leela bliain go leith.

4. Céard atá le díol ag na mná?

- Éadaí naíonán
- Trealamh a bhaineann le páistí
- Troscán amháin

5. Tá Anna agus Aoife chun an t-airgead a thabhairt d'ionad Uíbh Eachach mar...

- ...tá an t-ionad fíorthábhachtach i dtaobh chur chun cinn na Gaeilge
- ...gur ann a bhuail siad le chéile den chéad uair
- ...go gcuireann siad seirbhís cúraim leanaí ar fáil

6. Cén sprioc airgid atá ag na mná?

- Thart ar chúig chéad punt
- Is cuma leo – tá siad dírithe ar an teach a fholmhú
- Ba bhreá leo a ndótháin a fháil le hóc as trealamh nua don ionad

B Pléigh na ceisteanna thíos le do pháirtí ranga.

- An bhfuil post páirtaimseartha agat? Má tá, cá bhfuil tú ag obair?
- An maith leat nó ar mhaith leat post páirtaimseartha a bheith agat? Cén fáth?
- An bhfaigheann tú airgead póca? Cé mhéad?
- Céard air a gcaitheann tú do chuid airgid, de ghnáth?
- An bhfuil post agat don samhradh seo chugainn nó an bhfuil rud ar bith eile beartaithe agat?
- An bhfuil bealaí eile ann le hairgead a shaothrú, dar leat?



A

Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. **Céard a mhol Conchubhar do dhuine a dhéanamh roimh dhul ag díol ar líne?**
 - Glac griangraif shoiléire den rud atá le díol agat
 - Cuir na sonraí ar fad ar fáil, mar shampla, an déantúsóir atá i gceart
 - Ná tabhair an iomarca eolais – cothaíonn sé sin spéis san ábhar
2. **Cén fáth a bhfuil Anna ag iarraidh fáil réidh leis an gcathaoir?**
 - Níl spás ar bith aici di
 - Níor thaitin sí riamh léi
 - Níl sé “stíleálta” go leor di
3. **Cén moladh a bhí ag Conchubhar maidir leis an gcathaoir atá le díol ag Anna?**
 - Uaschúrsáil a dhéanamh uirthi
 - Iarracht í a dhíol ag an gceant
 - Í a choinneáil
4. **Céard a mholann Conchubhar maidir le trealamh a dhíol?**
 - Mhol sé uaschúrsáil a dhéanamh air
 - Mhol sé fógra a chur ar mhargadh ar líne ar nós Gumtree
 - Rudaí beaga a dhíol píosa ar pháosa ag an Margadh Máithreacha agus Tachrán

B

Rólimirt ghrúpa.

Tá tú ag díol na n-earraí thíos ag ceant. Roghnaigh praghas do gach ceann agus déan cur síos air don ghrúpa. Tá €1,000 agat féin le caitheamh ag an gceant chomh maith - bí ag faire amach do mhargaí maithe!

Nod: Tairg an t-earra ar phraghas íseal agus déan iarracht spéis a chothú leis an gcur síos a dhéanann tú!

Dalta 1:

Cóip de chéad eagrán an leabhair *Cré na Cille*

Bosca ornáideach a tugadh duit mar bhronntanas ach nach bhfuil úsáid agat dó

Dalta 2:

Pictiúr le Jack B. Yeats

Éadaí a chaith do thuismitheoirí sna seachtóidí agus sna hochtóidí

Dalta 3:

Cnuasach de cheirníní vinile ó na seascaidí leis an mbanna *The Beatles*

Cóta fionnaidh

Dalta 4:

Rothar bóthair sé ghiar a cheannaigh tú ar €2,500 anuraidh ach nár úsáideadh riamh

Cliabhán, bugaí, súochán sábháilte páiste



A

Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna thíos.

1. Céard a dhéanfaidh Aoife leis an gcóip de phictiúr Markey Robinson?

- Tá sí chun é a choinneáil ó gur bronntanas a bhí ann
- Tá sí chun é a dhíol ar ceant ar líne eBay ach leis an gcoinníoll nach ndíolfar é faoi bhuntairiscint £100
- Tá sí chun é a thabhairt mar bhronntanas dá hathair

2. Cé mhéid airgid a bhailigh na mná san iomlán? Tarraing na freagraí cuí trasna.

- An Margadh Máithreacha agus Tachrán - £150
- An chathaoir láimhe - £50
- Gach rud a díoladh ar líne - £240
- Sa siopa seandachtaí - £60

B

Le do pháirtí ranga, glac ceann de na rólanna thíos.

Dalta A: Tá tusa ag iarraidh post páirtaimseartha a bheith agat ach níl do chuid tuismitheoirí róshásta cead a thabhairt duit. Déan cur síos ar na buntáistí a bhaineann le poist páirtaimseartha agus tú ag caint le do mháthair/athair.

Dalta B: Tá do mhac/iníon ag iarraidh post páirtaimseartha a fháil ach níl tusa ag iarraidh go mbeidh siad ag obair agus ar scoil ag an am céanna. Déan cur síos ar na míbhuntáistí a bhaineann le poist páirtaimseartha agus tú ag caint le do dhéagóir.

Nótaí